



STANDING UP FOR
EQUALITY, RESPECT
AND INTEGRITY



AG SEASAMH AR SON
COMHIONANNAIS, MEASA
AGUS IONRACAIS



IONRACAS

SA RIALTAS



RÉAMHRÁ

Tá dualgas ar gach duine in oifig phoiblí bheith ag feidhmiú de réir na gcaighdeán is airde agus le leas an phobail i dtólamh. Baineann líomhaintí caimiléireachta an bonn den phróiseas pholaitiúil agus téann costas ár seirbhísí poiblí in airde go mór mar gheall ar an gcaimiléireacht féin.

Le roinnt blianta anuas, tharla scannail ar nós Red Sky, Nama agus anois RHI. Bhí na milliúin punt i gceist leis na scannail sin agus tá géarchéim sa phróiseas pholaitiúil dá bharr.

Níor chóir go mbeadh áit ar bith ag an gcaimiléireacht ná ag an míchleachtas sa tsochaí. Is féidir linn na caighdeáin is airde in oifig phoiblí a léiriú agus a chinntiú trí thrédhearcacht agus trí chuntasacht a chur i bhfeidhm. Ní ceist oráiste/ghlas í seo. Baineann sé seo le gach duine sa tsochaí. Goideann an chaimiléireacht ó gach duine.

ÁIRÍTEAR LE MOLTAÍ SHINN FÉIN NÁ:

- Cinnte a dhéanamh de go bhfoilsítear foinsí na síntiús agus na n-iasachtaí le tríú páirtí agus go laghadaítear an riachtantas tuairiscithe ó €7500 to £750.
- Clár Stocaireachta reachtúil a thabhairt isteach;
- Cód na nAirí a leasú láithreach le go mbeidh ar gach Aire cruinnithe le stocairí a dhearbhú;
- “Tréimhse shuaimhnithe” riachtanach a thabhairt isteach ionas nach féidir le hiar-Airí agus Comhairleoirí Speisialta dul i mbun stocaireachta ar feadh dhá bhliain i ndiaidh dóibh an oifig a fhágáil agus ‘coimhlintí leasa’ a mhaolú dá réir.
- Reachtaíocht a chur i bhfeidhm a dhéanfaidh coir inchúisithe de mura ndéantar coimhlint leasa a nochtadh.
- Feachtas poiblí oideachais agus feasachta a sheoladh maidir le sceitheadh eolais;
- Cur i bhfeidhm soláthar reachtaíochta a chaighdeánú i ngach earnáil lena chinntiú go mbeidh polasaithe agus nósanna imeachta dea-chleachtais ann maidir le sceitheadh eolais.
- Craobh áitiúil d’Eagraíocht Domhanda Lucht Parlaiminite in aghaidh na Caimiléireachta (GOPAC) a bhunú sa Tionól.



COMHTHÉACS

Baineadh an bonn den mhuinín atá ag an bpobal sna hinstiúidí polaitiúla agus sa phróiseas polaitiúil mar gheall ar na scannail RHI agus gníomhaíochtaí an DUP. Mar gheall ar mhí-úsáid agus ar dhrochúsáid airgid phoiblí is amhlaidh go mbeidh níos lú airgid ann le haghaidh sláinte, tithíochta, oideachais agus pobal.

Ní mór dúinn bheith réamhghníomhach sa troid in agaidh na caimiléireachta, na neamhinniúlachta agus an mhíchleachtais. Creideann Sinn Féin i rialú atá cuntasach agus trédhearcach. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh gach líomhain i leith na caimiléireachta a imscrúdú, agus go gcoinneofar cuntasach iad is cúis leis. Tá córais láidre de dhíth orainn chomh maith leis an gcaimiléireacht a thabhairt faoi deara agus le stop a chur léi.

Ní féidir cinneadh a ghlacadh agus síntiúis rúnda agus stocaireacht nach mbíonn nochtaithe ag dul ar aghaidh.

Tá straitéis chuimsitheach in aghaidh na caimiléireachta de dhíth leis na rioscaí i réimsí na polaitíochta, na pleanála nó an tsoláthair a mhaolú.

Roimh straitéis chuimsitheach in aghaidh na Caimiléireachta a chur i bhfeidhm, tá roinnt beartas aitheanta ag Sinn Féin ba chóir a thabhairt isteach láithreach le deireadh a chur le deiseanna dóibh siúd a bhíonn i mbun na cinnteoireachta mí-eiticiúla agus corbaí agus iad in oifig phoiblí.

SÍNTIÚIS PHOLAITÍOCHTA

Sinn Féin have been pushing for greater transparency and openness within the system of political Tá Sinn Féin ar lorg trédhearcachta agus oscailteachta atá níos soiléire maidir le córas na síntiúis polaitíochta leis na blianta anuas.

Déanann Sinn Féin poiblí ár gcuntais agus ár síntiúis agus déanann Cairde Shinn Féin i SAM amhlaidh de réir gach riachtanais dhlíthiúil agus de réir na gcaighdeán is airde.

San aighneacht a chuir Sinn Féin isteach in 2013 san athbhreithniú ar reachtaíocht trína rialaítear síntiúis, d'iarr muid go mbeadh deireadh leis an gcleachtas trína gcoinnítear aitheantas na síntiúsóirí faoi rún agus go laghdófaí an tairseach le síntiúis a thuirisciú go £750.

Chaith Rúnaí Stáit na Breataine iad seo amach i ndiaidh stocaireachta ó pháirtithe eile.

Bíonn cead ag leasanna dílsithe £7,500 a bhronnadh go rúnda ar pháirtí agus níl sé seo le leas na polaitíochta go ginearálta. Is cleachtas é ar chóir deireadh a chur leis.

SINN FÉIN PROPOSES:

- • Cinnte a dhéanamh de go bhfoilsítear foinsí na síntiúis agus na n-iasachtaí le tríú páirtí agus go laghdaítear an riachtantas tuairiscithe ó €7500 to £750.

STOCAIREACTH

Ní rud diúltach féin í an stocaireacht. Ní mór do pholaiteoirí tuairimí na ndaoine sin a dtéann a gcinntí i bhfeidhm orthu a chluinstin. Drochrialtas is ea, áfach, rialtas atá i bpóca ag gnólacht nó ag stocaireacht rúnda.

Tagann fadhbanna chun tosaigh nuair a bhíonn rochtain dhíréireach ag páirtithe leasmhara orthu siúd in oifig phoiblí is cuma trí bhreab, trí fháilteachas nó trí gheallúint fostaíochta as seo amach agus is minic a bhíonn tionchar claonta aige seo ar chinntí.

Is é an fáth ar chóir stocairí a rialú ná go mbeidh páirc na himeartha cothrom ionas go mbíonn rochtain chothrom ag gach páirtí leasmhar ar lucht déanta na gcinntí maidir le polasaithe a dhéanamh nó reachtaíocht a dhréachtú.

Bheadh an dóigh a n-oibríonn na hinstiúidí polaitiúla sa Tuaisceart agus an dearcadh a bhíonn ag an bpobal orthu dá réir ní b'fhéarr as dá dtabharfaí isteach clár stocairí, atá sainithe go forleathan ionas gur féidir linn bheith cinnte de go mbíonn gach cinneadh á dhéanamh le leas gach duine, ní amháin le leas grúpa stocaireachta a bhfuil an tacaíocht airgid aige le vótaí agus tionchar a cheannach.

Tá na moltaí seo a leanas déanta ag Transparency International

Ba chóir go mbeadh ar stocairí aighneachtaí polasaí agus cáipéisí ar bith eile atá roinnte acu le hoifigigh phoiblí agus a bhfuil sé mar aidhm acu dul i bhfeidhm ar reachtaíocht nó ar chinntí an rialtais a roinnt. Ba chóir iad siúd a fhoilsiú ar an gclár nua. Chuideoidh sé seo go mór leis an bplé ar pholasaí poiblí.

Ba chóir sonraí airgeadais ar fhoinsí ioncaim chliant nó shíntiúsóra a fhoilsiú ar an gclár fosta, ionas gur féidir leis an bpobal conair an airgeadais a leanstan i gcúrsaí polaitíochta.

Ba chóir go nochtfaidh stocairí gníomhaíochtaí ar bith ar thug siad fúthu thar ceann pháirtithe polaitíochta, oifigigh thofa nó iarrthóirí toghcháin. D'áireofaí leis seo tacaíocht dheonach ar bith atá tugtha ag stocaire do pháirtithe nó d'iarrthóirí ar nós comhairle ar chaidreamh poiblí/ ar chaidreamh leis na meáin, ar thiomsú airgid, ar chomhairle straitéiseach agus ar thaighde.

Ba chóir go gcuirfí Airí agus Comhairleoirí Speisialta (SPAD-anna) in iúl cruinnithe ar bith le stocairí agus níor chóir go mbeadh cead ag ceachtar acu ról stocaireachta a bhfuil tuarastal leis a ghlacadh go dtí go mbíonn siad as oifig ar feadh dhá bhliain.

Lena bheith cinnte de go mbíonn nósanna imeachta mar is ceart ann agus go gcoinnítear leo agus lena fháil amach cé acu atá coimhlint leasa ann nó nach bhfuil ní mór dúinn grúpa neamhspleách maoirseachta a bhunú.

Mar bheartas idir an dá linn, agus go dtí go mbunaítear an clár stocaireachta de réir mar atá molta ag Sinn Féin, ba chóir go mbeadh ar Airí Stormount agus a gComhairleoirí Speisialta (SPAD-anna) eolas a chur ar fáil faoi gach cruinniú den chineál sin.

ÁIRÍTEAR LE MOLTAÍ SHINN FÉIN NÁ:

- Clár Stocaireachta reachtúil a thabhairt isteach;
- Cód na nAirí a leasú láithreach le go mbeidh ar gach Aire cruinnithe le stocairí a dhearbhu;
- “Tréimhse shuaimhnithe” riachtanach a thabhairt isteach ionas nach féidir le hiar-Airí dul i mbun stocaireachta ar feadh dhá bhliain i ndiaidh dóibh an oifig a fhágáil agus ‘coimhlintí leasa’ a mhaolú.
- Reachtaíocht a chur i bhfeidhm a dhéanfaidh coir inchúisithe de mura ndéantar coimhlint leasa a nochtadh.

SCÉITHEADH EOLAIS

Cuireann sceithirí seirbhís iontach ar fáil don phobal.

Tá dualgas orainn uile an fód a sheasamh in aghaidh na caimiléireachta agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá ag iarraidh deireadh a chur léi.

In amanna bíonn sceithirí thíos le scoiteacht san ionad oibre, bíonn baol ann go gcaillfidh siad a bpoist nó go gcuirfear ar liosta dubh iad. Is rímhinic, in ainneoin an riosca phearsanta dóibh féin, a bhíonn lagmhisneach orthu nuair a fhaigheann siad amach nach raibh toradh sásúil ar an sceitheadh atá déanta acu.

Creideann Sinn Féin go bhfuil sé go hiomlán riachtanach go dtugtar tacaíocht d'oibrithe, do lucht gnó, d'oifigigh, d'ionadaithe polaitíochta agus don mhórphobal i gcoitinne agus go mbíonn an chumhacht acu teacht amach agus labhairt nuair a bhíonn a fhios acu go bhfuil éagóir déanta. Ní mór an t-eolas agus an fhaisnéis a bheith acu lena n-áirítear an méid ba chóir a thuairisciú, cé leis ar chóir é a thuairisciú agus an dóigh lena thuairisciú ar dhóigh a gcosnaíonn iad féin.

Ar an dóigh chéanna ba chóir go bhfaigheadh siad siúd a gcuirtear líomhaintí ina leith nó a nochtar eolas fúthu tacaíocht ó threoirlínte iomchuí, ó oiliúint agus ó mhaoirseacht lena chinntiú go dtugann siad an freagra cuí ar an méid a chuirtear in iúl dóibh.

ÁIRÍTEAR LE MOLTAÍ SHINN FÉIN NÁ:

- Feachtas oideachais agus feasachta poiblí a sheoladh maidir le sceitheadh eolais;
- Cur i bhfeidhm soláthar reachtaíochta a chaighdeánú i ngach earnáil lena chinntiú go mbeidh polasaithe agus nósanna imeachta dea-chleachtais ann.

AN TIONÓL AGUS AN FEIDHMEANNAS

Tá dualgas ar gach páirtí san fheidhmeannas bheith ag obair le chéile le trédhearcacht agus le rialú maith a chur chun tosaigh, le córais a fhorbairt a thugann caimiléireacht faoi deara agus a chuireann stop léi agus lena chinntiú go ndéantar mionscrúdú ar chaiteachas poiblí agus ar chinnteoireacht.

Ba chóir go mbeadh moltaí reachtaíochta agus impleachtaí airgeadais leo faoi réir mionscrúdú níos déine, agus leis seo ba chóir go gcuirfí an rannóg urraíochta níos mó eolais ar fáil.

ÁIRÍTEAR LE MOLTAÍ SHINN FÉIN NÁ:

- Craobh áitiúil d'Eagraíocht Domhanda Lucht Parlaiminite in aghaidh na Caimiléireachta (GOPAC) a bhunú sa Tionól.



**STANDING UP FOR
EQUALITY, RESPECT
AND INTEGRITY**



**AG SEASAMH AR SON
COMHIONANNAIS, MEASA
AGUS IONRACAIS**